BGE/RE/AH/1011B



Bord Gáis Energy
samhlaímis

Craobhchomórtas Iománaíochta CLG Uile Éireann Faoi-21 de chuid Bord Gáis Energy

An luach is fearr ar rátaí leictreachais chaighdeánacha in Éirinn!*

Leictreachas Sa bhaile

Deireadh Fómhair / Samhain 2011

SAN EAGRÁN SEO

Tobhach Oibligeáid Seirbhíse Poiblí – Laghdaithe 2

Léamh méadair – Conas billí measta a sheachaint 3

Pay Now - An bealach éasca íocaíochta 4

Luach Is Fearr Ar Rátaí Leictreachais Chaighdeánacha agus Tobhach Oibligeáid Seirbhíse Poiblí (PSO) Laghdaithe

Ar chuala tú faoi na rátaí leictreachais chaighdeánacha is fearr luacha in Éirinn atá á dtairiscint ag Bord Gáis Energy?* Ón am a chuamar isteach i margadh an leictreachais i 2009 tá iarracht déanta againn rogha agus luach ar airgid níos fearr a thabhairt do theaghlaigh trasna na tíre. De bhreis ar na rátaí leictreachais chaighdeánacha is fearr luacha, táimid ag tairiscint réimse roghanna solúbtha íocaíochta lena áirítear Level Pay, a ligeann duit an méid chéanna a íoc ar do chuid leictreachais gach mí.

Le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2011 laghdaíodh an tobhach PSO do chustaiméirí cónaithe go €1.61 (€1.83 ag áireamh VAT) sa mhí go 30 Meán Fómhair 2012.

Gearrtar an tobhach PSO ar gach custaiméir leictreachais is cuma cé atá acu mar sholáthraí leictreachais. An bunús atá leis ná cuidiú le soláthar fuinnimh a dheimhniú amach anseo, breoslaí dúchasacha (i.e. móin) agus cur chun cinn an fhuinnimh inathnuaite i nginiúint leictreachais. Socraíonn an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh an tobhach PSO ar an 1 Deireadh Fómhair gach bliain.

Chun breis eolais a fháil faoin tobhach PSO:
Téigh chuig: **bordgaisenergy.ie/PSO**

*Bunaithe ar tharaif uirbeach 24 uair de 17.92 cent an kWh agus buanmhuirear de €116.92 sa bhliain(ag áireamh VAT)). Na rátaí leictreachais chaighdeánacha agus buanmhuirir is fearr luacha in Éirinn ar an 1 Deireadh Fómhair i gcomparáid le rátaí iomaitheoirí coibhéiseacha.

Do léamh méadair a chur isteach – **an bealach éasca súil a choimeád ar a íocann tú**

Déanann Bord Gáis Energy gach iarracht ar do shaol a dhéanamh níos éasca. Chuige sin, má thagann fadhb chun cinn, déanfaimid ár ndícheall í a réiteach gach uair. Ceann de na fadhbanna a bhí á lua agaibh linn le déanaí ab ea léamh méadair measta.

Mar is eol duit cheana isdócha, léitear méadair leictreachais ceithre uair sa bhliain, dá bhrí sin bunaítear ceithre bhille ar léamha agus dhá cheann ar mheastacháin.

Ní féidir le meastacháin bheith go hiomlán cruinn, dá thoradh uaireannta bíonn meastachán ró-íseal agus amanta eile ró-ard. An rud tábhachtach ná a luaithe is a bhíonn an t-eolas cruinn againn ceartóimid do chuntas gan mhoill.

Tá iarracht á dhéanamh againn i gcónaí go mbeadh do bhillí bunaithe ar léamh méadair a tharla, cuid den iarracht sin is ea na bealaí éagsúla íocaíochta atá ar fáil agus a oireann duit. Tiocfaidh tú ar na sonraí ag bun an leathanaigh seo.



Níl ag teastáil uait i do lámh ach t'uimhir MPRN (Uimhir Thagartha Pointe Mhéadair), atá ar fáil ar barr agus ar dheis de do bhille leictreachais agus do léamh méadair. Cuimhnigh, nuair a bhíonn do mhéadar á léamh agat, áirigh na digití dubha amháin agus ní an ceann dearg.

Le do léamh méadair leictreachais féin a sheoladh isteach:
Téigh chuig: **bordgaisenergy.ie/meterread**
Glaoigh ar: **1850 337 777**
Íoslódáil: **App Samhlaímis ar iTunes**

Pay Now - **Ní raibh sé riamh chomh héasca íocaíocht a dhéanamh**

Tá áthas ar Bord Gáis Energy áis íocaíochta nua ar líne a chur ar fáil do chustaiméirí íocaíocht a dhéanamh fiú gan cuntas ar líne a bheith agat linn.

Tuigimid go mbíonn se deacair uaireanta an t-am d'fháil airgead tirim a íoc in Oifig an Phoist, ionad PayPoint nó Payzone nó trí seic a sheoladh sa bhanc. Bealach sciobtha agus éasca is ea Pay Now chun do chuntas a choimeád cothrom le dáta.

Téir go dtí bordgaisenergy.ie/paynow, cuir isteach sonraí do chuntais agus an tsuim ar mian leat a íoc ag seachaint an turas in aisce.*

*Caithfidh ar a laghad 1 Bille bheith faighte agat sula mbeidh cead agat íocaíochtaí ar líne a dhéanamh. Teastaíonn Uimhreacha Cuntais chomh maith le uimhreacha GPRN/MPRN. Ní féidir éarlais a íoc ar líne. Má tá tú ag déanamh íocaíochta ar chuntas Foireann Baile cinntigh le do thoil uimhir GPRN a iontráil má tá gás agus leictreachas agat linn.

Córas Nua **Foláirimh Fiachais**

Ón 17 Deireadh Fómhair, beidh córas nua 'foláirimh fiachais' do sholáthraithe Gáis agus Leictreachais i bhfeidhm. Ligfidh an córas seo do sholáthraithe áitreabh le fiachas gan íoc a "aithint" (os cionn suim airgid agus aois áirithe). Tagraíonn soláthraithe don "córas foláirimh fiachais" mar ghnáthchuid de nósanna imeachta clárúcháin custaiméir nua atá ag aistriú ó sholáthraí eile. Má tá "foláireamh" á thabhairt ag an gcóras nua seo maidir le háitreabh ar leith d'fhéadfadh an soláthraí nua diúltú don chustaiméir nua. D'fhéadfaí an custaiméir a sheoladh ar ais go dtí a sean-soláthraí chun a mbillí gan íoc a ghlanadh nó teacht ar shocrú éigin sular féidir dul ar aghaidh leis an aistriú. Dearadh an córas margaidh seo leis an soláthraí nua a chur ar an eolas faoi stádas riaráistí an chustaiméara nua.

De thoradh ar an méid seo thuas, táthar ag tabhairt le fios do gach custaiméir nua go bhfuil córas foláirimh fiachais i bhfeidhm anois. Más ann do riaráiste d'fhéadfadh sé bheith le feiceáil sa chóras úd "Soláthraí a Athrú". Tá tuilleadh eolais ar fáil agus molaimid do dhaoine féachaint ar ár dtéarmaí agus coinníollacha soláthair.